Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Comhairliúchán poiblí ar dhréacht-Nóta Faisnéise

## Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athstruchtúrú Coiscteach), 2022 Uirlisí Luathrabhaidh agus Creataí Athstruchtúrúcháin

## RÁITEAS AISEOLAIS

## 1. Cúlra

Rinneadh Treoir 2019/1023 ón Aontas Eorpach, dá ngairtear an Treoir maidir le hAthstruchtúrú Coisctheach, a thrasuí i ndlí na hÉireann le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Athstruchtúrú Coisctheach), 2022 ("na Rialacháin"), le héifeacht ón 27 Iúil 2022[1].

I gcomhairliúchán poiblí ar an dréacht-Nóta Faisnéise uaidh, d'iarr an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freagraí ar thrí cheist. Osclaíodh an comhairliúchán le haghaidh aighneachtaí an 14 Deireadh Fómhair 2022. Ba é an 01 Samhain 2022 an spriocdháta don chomhairliúchán.

Fuarthas ceithre aighneacht faoin spriocdháta. Fuarthas aighneacht amháin tar éis an spriocdháta, agus breithníodh an aighneacht sin freisin.

Fuarthas aighneachtaí uathu seo a leanas:

1. An Comhlachas Barra um Dhlí Corparáideach agus Dócmhainneachta
2. Dentons Ireland LLP
3. Na Coimisinéirí Ioncaim
4. An Coiste Comhairleach Comhlachtaí Cuntasaíochta - Éire
5. Athstruchtúrú agus Dócmhainneacht Éireann

## 2. Tuarascáil Aiseolais

Is leagtha amach thíos atá nithe ar lorg an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tuairimí ó pháirtithe leasmhara ina leith. Tá an cheist curtha ar áireamh, mar aon le hachoimre ar na freagraí a fuarthas. Níl na freagraí curtha síos d'aon pháirtí. Cé nach léirithe thíos atá freagraí a bhaineann le nithe nach dtagann faoi raon feidhme an doiciméid, is féidir, ag brath ar chineál an chéanna, go dtabharfaidh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach aghaidh ar na nithe sin trí dhul i dteagmháil le páirtithe iomchuí.

| Uimh. | Ceist |
|---|---|
| 1. | *Gan aon mhíniú a bheith tugtha sa Treoir maidir le hAthstruchtúrú Coisctheach ar an téarma "uirlis luathrabhaidh", maidir leis an gcur chuige atá beartaithe ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi láthair i ndáil le liosta neamh-uileghabhálach de tháscairí a thairiscint do stiúrthóirí cuideachta, an bhfuil tú den tuairim gur modh cuí é an cur chuige sin chun cabhrú le stiúrthóirí deacrachtaí airgeadais féideartha a shainaithint ag céim sách luath chun gur féidir roghanna athstruchtúrúcháin a iniúchadh in am trátha?*<br><br>*Mura bhfuil, cén cur chuige eile, nó cé na cineálacha cur chuige eile, a mholfá, agus cén fáth?*<br><br>*Má tá, an molfá leasuithe go fóill ar Aguisín 1, mar atá dréachtaithe faoi láthair, agus, dá molfá amhlaidh, cé na leasuithe a dhéanfá?*<br><br>***FREAGRAÍ***<br><br>Moladh téacs a bhaineann leis an róspleáchas ar sholáthraithe aonair agus le heachtraí eile *force majeure* a chur ar áireamh in Aguisín 1.<br><br>Moladh téacs a bhaineann leis an mainneachtain oibleagáidí i leith na gCoimisinéirí Ioncaim a chomhlíonadh a chur ar áireamh in Aguisín 1.<br><br>Tugadh le tuiscint i roinnt aighneachtaí nach uirlis dhóthanach é doiciméad maidir le comharthaí luathrabhaidh as féin agus gur ghá dul i mbun luath-theagmhála le comhairleoirí gairmiúla (lena n-áirítear, b'fhéidir, oibleagáid a chur ar na comhairleoirí sin an uirlis luathrabhaidh a mharcáil lena breithniú). |

[1] I.R. 380 de 2022 (atá ar fáil ag https://enterprise.gov.ie/en/legislation/legislation-files/si-no-380-of-2022.pdf)

| | |
|---|---|
| 2. | *An bhfuil tú den tuairim gur cruinn, cóir agus cothromaithe atá an fhaisnéis atá tugtha sa dréacht-Nóta Faisnéise maidir leis na roghanna athstruchtúrúcháin atá ar fáil do stiúrthóirí? Mura bhfuil, cé na leasuithe nó na breiseanna a mholfá?*<br><br>**FREAGRAÍ**<br><br>Tagraíodh i roinnt aighneachtaí don idirdhealú idir deacrachtaí airgeadais agus dócmhainneacht.<br><br>Luadh in aighneacht amháin nár tháinig an téacs maidir le *'plé le deacrachtaí airgeadais eile a théann níos faide ná...'* faoi shainchúram na Treorach maidir le hAthstruchtúrú Coisctheach, agus baineadh é bunaithe ar na haighneachtaí a fuarthas.<br><br>Tugadh faoi deara i roinnt aighneachtaí na pointí 'truicir' difriúla atá ann le haghaidh oibleagáidí alt 224A agus 228, agus cuireadh téacs isteach chun an méid sin a léiriú.<br><br>Moladh in aighneacht amháin gur cheart tagairt a dhéanamh do roghanna eile athstruchtúrúcháin sa Nóta, e.g., Socruithe neamhfhoirmiúla athstruchtúrúcháin agus Scéimeanna reachtúla Comhshocraíochta, agus cuireadh téacs isteach chun an méid sin a léiriú.<br><br>Cuireadh roinnt aighneachtaí maidir le comhsheasmhacht an téacs agus maidir le hipearnaisc a sholáthar chuig ábhair sheachtracha san áireamh sa téacs athbhreithnithe. |
| 3. | *An bhfuil agat aon mholtaí eile, nó aon leasuithe beartaithe ar an dréacht-Nóta Faisnéise, lena méadófaí, i do thuairim féin, an luach atá air do stiúrthóirí cuideachta? Má tá, tabhair mionsonraí iomlána ar an gcéanna.*<br><br>**FREAGRAÍ**<br><br>I roinnt pointí a cuireadh in iúl in aighneacht amháin faoin gceannteideal seo, iarradh ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach tuairisc a thabhairt ar an dóigh a bpléifeadh sé le himthosca ar leith, e.g., maidir le hoibriú na 'forála um meas', i gcás go gceistítear fiach, agus maidir leis an dóigh a gcaithfí le dliteanais theagmhasacha agus ionchasacha amhail is dá mbeadh siad dlite faoi láthair.<br><br>Ní féidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach treoir den sórt sin a thairiscint i gcoitinne, toisc nach mór gach cás a bhreithniú ar bhonn a fhiúntas féin, agus toisc nach féidir a bheith forordaitheach ina leith sin. |

## 3. Buíochas

Ba mhaith leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach buíochas a ghabháil leo sin a thug freagra ar an gcleachtadh comhairliúcháin as an rannchuidiú stuama cabhrach a rinne siad.

**AN tÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH**
**3 EANÁIR 2023**